AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.6.2019
COM(2019) 252 final

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun foráil a dhéanamh maidir le réamhíocaíochtaí a íoc i mbuiséad ginearálta an Aontais do 2020

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Rialachán (AE, EURATOM) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014–2020[1], agus go háirithe Airteagal 10 de lena bhféadfar Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh, laistigh d'uasteorainn bhliantúil EUR 500 000 000 (i bpraghsanna 2011), de bhreis ar cheannteidil ábhartha an chreata airgeadais.

I bpointe 11 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i dtaca le hábhair bhuiséadacha agus le bainistiú fónta airgeadais[2], leagadh amach na rialacha mionsonraithe maidir leis an gCiste a shlógadh.

Leagtar síos na coinníollacha incháilitheachta i leith an Chiste go mionsonrach sa Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle[3], lena bhforáiltear go n-áireofar méid suas le huasmhéid EUR 50 000 000 i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus i leithreasuithe íocaíochta sa bhuiséad chun réamhíocaíochtaí a íoc.

Déanfaidh an Coimisiún na méideanna sin a áireamh i nDréachtbhuiséad 2020.

[1] IO L 347, 20.12.2013, lch. 884.
[2] IO L 373, 20.12.2013, lch. 1.
[3] IO L 189, 27.6.2014, lch. 143.

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun foráil a dhéanamh maidir le réamhíocaíochtaí a íoc i mbuiséad ginearálta an Aontais do 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002, lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh[4], agus go háirithe Airteagal 4a(4) de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i dtaca le hábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais[5], agus go háirithe pointe 11 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is é atá mar aidhm le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ("an Ciste") ná a chur ar chumas an Aontais freagairt ar bhealach tapa, éifeachtúil agus solúbtha do staideanna éigeandála chun dlúthpháirtíocht a léiriú le pobail réigiún atá buailte ag tubaistí nádúrtha.

(2) Ní rachaidh an ciste thar uasmhéid EUR 500 000 000 (i bpraghsanna 2011) mar a leagtar síos in Airteagal 10 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle[6].

(3) In Airteagal 4a(4) de Rialachán leasaithe (CE) Uimh. 2012/2002 foráiltear, i gcás inar gá sin chun a áirithiú go mbeidh acmhainní buiséadacha ar fáil go tráthúil, go bhféadfar an Ciste suas le EUR 50 000 000 a shlógadh le haghaidh réamhíocaíochtaí a íoc, agus na leithreasuithe comhfhreagracha á n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais.

(4) Chun a áirithiú go mbeidh a dhóthain acmhainní buiséadacha ar fáil go tráthúil do bhuiséad ginearálta an Aontais do 2020, ba cheart an Ciste suas le a shlógadh EUR 50 000 000 le haghaidh réamhíocaíochtaí a íoc.

(5) D'fhonn an méid ama a íoslaghdú is gá a thógáil chun an Ciste a shlógadh, beidh feidhm ag an gCinneadh seo ó thús na bliana airgeadais 2020,

[4] IO L 189, 27.6.2014, lch. 143.
[5] IO L 373, 20.12.2013, lch. 1.
[6] IO L 347, 20.12.2013, lch. 884

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Le haghaidh bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, déanfar Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun suim EUR 50 000 000 a sholáthar i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus i leithreasuithe íocaíochta chun réamhíocaíochtaí a íoc.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*